

FORAS FEASA AR
AN AONTAS
EORPACH

Oideachas
agus oiliúint —
le go mbeidh
rath ort sa
todhchaí



An Coimisiún
Eorpach

Oideachas, Oiliúint, an Óige agus Spórt

Tá an infheistíocht san oideachas agus san oiliúint ríthábhachtach chun borradh a chur faoi fhorbairt phearsanta agus deiseanna fostaíochta daoine óga.



FORAS FEASA AR AN AONTAS EORPACH

Tá an foilseachán seo mar chuid de shraith ina mínítear cad a dhéanann an tAontas Eorpach i réimsí beartais éagsúla, cén fáth a bhfuil ról ag AE, agus cad iad na torthaí.

Is féidir leat a fheiceáil ar líne cé na cinn atá ar fáil agus iad a íoslódáil ag:

http://europa.eu/pol/index_ga.htm
<http://europa.eu/!rY48Gu>

How the EU works
Europe in 12 lessons
Eoraip 2020: Straitéis na hEorpa i leith an Fháis
Bunaitheoirí an Aontais Eorpaigh

An tAontas Custaim
An tAontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta agus an Euro
Baincéireacht agus Gnóthaí Airgeadais
An Beartas Réigiúnach
An Buiséad
Cabhair Dhaonnúil agus Cosaint Shibhialta
Cánachas
Ceartas, Cearta Bunúsacha agus Comhionannas
An Clár Oibre Digiteach
Comhar Idirnáisiúnta agus Forbairt
An Comhrac i gcoinne na Calaoise
An Comhshaol
Cultúr agus Gnóthaí Closamhairc
Fiontraíocht
Fostaíocht agus Gnóthaí Sóisialta
Fuinneamh
Gníomhú ar son na hAeráide
Gnóthaí Eachtracha agus an Beartas Slándála
Gnóthaí Muirí agus Iascach
Imirce agus Tearmann
Iomaíocht
Iompar
An Margadh Inmheánach
Meadú an Aontais Eorpaigh
Oideachas, Oiliúint, an Óige agus Spórt ✘
Sábháilteacht Bia
Sláinte Phoiblí
Taighde agus Nuálaíocht
Talmhaíocht
Teorainneacha agus Slándáil
Tomhaltóirí
Trádáil

CLÁR NA nÁBHAR

Cén fáth a bhfuil gá le beart ar leibhéal na hEorpa?	3
An chaoi a dtéann an tAontas Eorpach ina bhun sin	6
An méid a dhéanann an tAontas Eorpach	10
Amach romhainn	16
Tuilleadh eolais	16

Foras Feasa ar an Aontas Eorpach: Oideachas, Oiliúint, an Óige agus Spórt

An Coimisiún Eorpach
Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide
Faisnéis don Saoránach
1049 An Bhruiséil
AN BHEILG

Arna thabhairt cothrom le dáta mí na Samhna 2014

Na grianghraif ar an gclúdach agus ar leathanach 2:
© Glowimages/Getty Images

16 lgh. — 21 × 29.7 cm
ISBN 978-92-79-42101-3
doi:10.2775/53863

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh,
2014

© An tAontas Eorpach, 2014

Tá atáirgeadh údaraithe. Chun grianghraf a úsáid nó a atáirgeadh, ní mór cead a iarraidh ar shealbhóirí an chóipchirt.

Cén fáth a bhfuil gá le beart ar leibhéal na hEorpa?

Oideachas agus oiliúint — Ar mhaithe le do thodhchaí - Todhchaí na hEorpa

Ar mhaithe leatsa: Is gá infheistíocht a dhéanamh san oideachas agus san oiliúint chun go mbeidh rath ortsa sa todhchaí, go háirithe más duine óg thú. Ach an dara teanga nó an tríú teanga a fhoghlaim, beidh sé níos fusa ort eolas a chur ar thíortha eile, ar mhuintir na dtíortha sin agus ar shlíthe maireachtála eile; d'fhéadfadh sé a chur ar do chumas dul i mbun staidéir, oiliúna nó obair dheonach thar lear agus é a dhéanamh níos dóchúlú go bhfaighidh tú post sásúil a mbeidh tuarastal maith ag gabháil leis, amach anseo. Tá sé tugtha le fios i staidéir éagsúla go mbíonn a dhá oiread de sheans ag daoine dea-oilte post a fháil agus a thrí oiread de sheans acu ioncam os cionn an mheáin a bheith acu ná mar a bhíonn ag daoine ar bheagán scileanna.

Ar mhaithe le do thír: Tá réigiúin éagsúla an domhain ag brath ar a chéile níos mó ná riamh agus ní dócha go mbainfidh geilleagair náisiúnta amach an gealladh ar fad atá fúthu ach amháin má bhíonn córais láidre oideachais agus oiliúna mar chrann taca fúthu. An tír a infheistíonn go ciallmhar san oideachas agus san oiliúint, beidh rath uirthi sa ghnó, san eolaíocht agus sna healaíona. Sa

bhreis air sin, cuideofar leis an gceartas sóisialta agus comhtháthú sóisialta a bhaint amach má chinntítear go bhfuil deiseanna oideachais ar fáil do chách.

Arbh eol duit?

Tá 20 % de mhuintir na hEorpa ar leibhéal íseal scileanna amhail litearthacht agus uimhearthacht, rud a fhágann go bhfuil sé níos deacra orthu dul isteach sa mhargadh saothair agus a bheith rannpháirteach go hiomlán sa tsochaí.

Ar mhaithe leis an Eoraip: Chun go mbeidh rath orainn sa mhargadh domhanda iomaíoch, is gá dúinn lucht saothair oilte a bheith againn, a tháirgeann earraí agus seirbhísí atá nuálach agus den scoth. Ach tá níos mó i gceist leis an oideachas ná torthaí eacnamaíocha: chun go mbeidh rath ar Eoraip dhaonlathach ní mór dúinn ar fad a bheith ar an eolas faoi na cearta sibhialta atá againn agus na freagrachtaí atá orainn. Ní mór an tsaoránacht ghníomhach a mhúineadh agus a fhoghlaim sa bhaile, ar scoil agus lasmuigh.

Erasmus+

I bhfianaise phríomhról an oideachais lena chinntiú go mbeidh saoránaigh agus náisiúin na hEorpa, agus an Eoraip ina hiomláine, folláin amach anseo, tá clár uailmhianach ceaptha ag an Aontas Eorpach: Erasmus+. Féachtar sa chlár nua le forbairt phearsanta agus ionchas fostaíochta an duine a fheabhsú. Tacaíonn sé le gach earnáil oideachais agus oiliúna, agus le foghlaim neamhfhoirmiúil do dhaoine óga, le gníomhaíochtaí deonacha agus le spórt áitiúil. Gabhann sé áit na gclár éagsúil a bhí ann roimhe seo, agus tá na rialacha agus nósanna imeachta iarratais athchóirithe chun éifeachta agus simplithe go mór.

Ó 1987 i leith, bhain breis agus 3 mhilliún mac léinn ardoideachais tairbhe as deontais Erasmus. Le Erasmus+, tá méadú mór tagtha ar an maoiniú ón Aontas Eorpach. Tá sé d'aidhm ag Erasmus+ tacú le 4 mhilliún duine óg eile idir 2014 agus 2020 taithí agus scileanna a fháil tríd an staidéar agus an oiliúint agus trí pháirt a ghlacadh i malartuithe don óige nó obair dheonach a dhéanamh thar lear. Méadaíonn sé go suntasach na deiseanna comhair idir institiúidí oideachais nó eagraíochtaí óige agus idir saol an oideachais agus saol na hoibre.



Cuid riachtanach de bhláthú shibhialtacht chlasaiceach na Gréige ab ea an t-oideachas.

Figiúirí scannrúla — an bhearna scileanna

Nocht an ghéarchéim eacnamaíoch dhomhanda laigí struchtúracha a bhfuil iarmhairtí tromchúiseacha acu do na milliúin duine. Tá ráta dífhostaíochta i measc an aosa óig de bhreis agus 20 % ag an Aontas Eorpach ina iomláine, agus is mó ná 50 % é i mBallstáit áirithe. Ach ní hí an ghéarchéim amháin is cúis leis an dífhostaíocht. Cúiseanna eile leis an dífhostaíocht ná easpa oideachais agus scileanna.

Arbh eol duit?

Ní amháin go míleann sé an saol ar dhaoine gan léamh ná scríobh a bheith acu; cosnaíonn sé an t-uafás ar an tsochaí, leis. Cosnaíonn an neamhlitearthacht — sna tíortha forbartha amháin — breis agus €500 000 000 000 (500 billiún) gach bliain.

I measc daoine óga san Aontas Eorpach, tá 20 % nó mar sin acu nach sroicheann na híosleibhéil i mbunscileanna léitheoireachta, matamaitice agus eolaíochta. Fágann 6 mhilliún duine óg an córas oideachais agus oiliúna agus gan ach meánoideachas íochtarach nó níos lú acu. Is féidir tionchar na n-easnamh sin a shamhlú: nochtadh i suirbhé a rinneadh le deireanas nach bhfuil post ach ag duine amháin as gach beirt atá ar lagscileanna, ach go bhfuil an ráta fostaíochta i bhfad níos airde i measc na n-aosach sin a bhfuil scileanna níos airde acu.

An gciallaíonn sin gurb é cáilíochtaí a fháil an tslí is fearr le post a fháil? Is é an tslí is sábháilte é, cinnte. Is iomaí fostóir atá ar a dhícheall ar thóir oibrithe oilte. Is deacair d'fhostóir amháin as gach triúr fostóirí daoine a bhfuil na scileanna cuí acu a earcú. Tá sé thar a bheith fíor sna hearnálacha is nuálaí den gheilleagar, áit a bhfuil na mílte folúntas poist san innealtóireacht, san eolaíocht agus sa teicneolaíocht.

An **bhearna scileanna** a thugtar ar an easpa comhoiriúnachta idir na scileanna atá á lorg ag fostóirí agus na scileanna atá á dtairiscint ag cuardaitheoirí poist. Tá sé ar cheann de na mórfhadhbanna atá roimh thíortha na hEorpa. Is gá droichid chun an bhearna a dhúnadh. Is iad na droichid is daingne an t-oideachas agus an oiliúint.

Pinsinéirí ag líonadh na bearna sin

*D'earcaigh an tionscadal Eorpach **HEAR ME** (Pinsinéirí ardoilte ag cur meantóireachta ar fáil do lucht luathfhágála na scoile) daoine atá ar scor nó daoine ag druidim le haois scoir ar mian leo oiliúint a chur ar dhaoine óga. D'fhreastail na saorálaithe ar shraith cúrsaí i scileanna meantóireachta. Ghníomhaigh siad mar mheantóirí, ina dhiaidh sin, ag cur cabhrach agus treorach ar fáil do lucht luathfhágála na scoile a bhfuil riachtanais speisialta acu, chun tacú leo a spriocanna oideachais agus fostaíochta a bhaint amach.*



Tá sé deacair ar mhonaróirí oibrithe oilte a earcú.



An choimhdeacht i bhfeidhm: an méid a fhoghlaimíonn tú ag an mbaile, ní gá é a fhoghlaim ar scoil.

Dúshláin a shárú le chéile

Tá na milliúin duine agus eagraíocht bainteach le próiseas na foghlama; idir mhic léinn, oiliúnaithe, thuismitheoirí, mhúinteoirí, ollscoileanna, fhiontair agus eagraíochtaí óige, mar aon le rialtais agus an tAontas Eorpach. Conas is féidir leo a gcuid cúraimí éagsúla a roinnt go ciallmhar? Anseo, is treoir éigin é **prionsabal na coimhdeachta**. Ciallaíonn an prionsabal sin gur chóir cinntí a dhéanamh i gcónaí a ghaire is féidir do na daoine a ndéanfaidh an cinneadh difear dóibh.

Cúraimí an oideachais — Cad é do thuairim?

Cé aige a bhfuil an ról is tábhachtaí i bpróiseas an oideachais agus na hoiliúna?

Rialtais, scoileanna, múinteoirí nó thuismitheoirí?

Cad faoin ról atá agat féin? Cén tsaoirse atá agatsa cinneadh a dhéanamh faoin áit, an uair agus an méid a fhoghlaimíodh tú?

Sin an fáth — de réir chonarthaí an Aontais Eorpaigh — a bhfuil sé de chúraim ar gach Ballstát a bheartais oideachais, oiliúna agus óige féin a fhorbairt. Is faoi na rialtais náisiúnta atá sé cinneadh a dhéanamh faoi céard go díreach a mhúintear agus cén t-eagar a bheidh ar an gcóras oideachais. Tá sé de shaoirse ag gach rialtas, dá réir, cinneadh a dhéanamh déileáil le cúrsaí oideachais ar leibhéal réigiúnach nó ar leibhéal áitiúil. Chomh maith leis sin, déantar roinnt mhaith cinntí a chur de chúram tuilleadh ar ollscoileanna, scoileanna agus bunáochtaí oiliúna. Bíonn roinnt cinntí á gcur i bhfeidhm ag eagraíochtaí óige.

Mar sin féin, chun go mbeidh rath ar an oideachas, ní mór deis a thabhairt do dhaoine cur lena gcuid eolais agus taithí i dtíortha eile san áireamh. Chuige sin tá an ghné Eorpach de na beartais oideachais, oiliúna agus óige an-ábhartha. Is féidir leis na Ballstáit a gcuid beartas a fheabhsú trí fhoghlaim ó thaithí a chéile; is féidir le mic léinn, printísigh, saorálaithe, múinteoirí, oibríthe don ógra, scoileanna, ollscoileanna agus eagraíochtaí óige bheith ag obair i gcomhar a chéile thar theorainneacha. Is gá comhoibriú ar leibhéal Eorpach leis na timpeallachtaí foghlama is fearr a chruthú do chách agus chun cáilíochtaí a mbeidh ardmheas orthu a sholáthar.

Dá réir sin, tá cláir um chomhar san oideachas, san oiliúint agus i ngnóthaí óige ar an gclár oibre Eorpach le mórchuid blianta anois: glacadh clár Erasmus i 1987 agus an chéad chlár óige san Eoraip ("Youth for Europe") i 1988. Ach ba le Conradh Maastricht (1993), más ea, a cuireadh inniúlachtaí foirmiúla Eorpacha i réimsí an oideachais, na gairmoiliúna agus i ngnóthaí óige san áireamh i gconarthaí bunaitheacha an Aontais.

Arbh eol duit?

Cuireadh beartais spóirt le Conradh Liospóin (2009) mar inniúlacht nua de chuid an Aontais Eorpaigh. Is léir a thábhachtaí is atá cur chuige uile-Eorpach nuair atá an tairbhe a bhaineann le rannpháirteachas sa spóirt agus gníomhaíocht fhisiciúil á cur chun cinn agus nuair atáthar ag dul i ngleic leis na bagairtí ar an spóirt amhail cúbláil cluichí, foiréigean a bhaineann le spóirt nó dópáil). Trí fhaisnéis a chomhroinnt ar leibhéal an Aontais Eorpaigh is fusa do na Ballstáit beartais éifeachtacha a cheapadh chun dúshláin dá sórt a shárú

An chaoi a dtéann an tAontas Eorpach ina bhun sin

Tá an tAontas Eorpach tiomanta intinní daoine a oscailt agus raidhse deiseanna a chur ar fáil trí thacú leis an oideachas agus an oiliúint.

Oscail d'intinn: bímid ag foghlaim de shíor

"Life is about learning" (Cuid den fhoghlaim is ea an saol); "when you stop learning, you die" (nuair a stadann tú de bheith ag foghlaim, faigheann tú bás) (Tom Clancy).

Bímid ag foghlaim de shíor: ach labhairt le duine nach raibh aithne agat air nó uirthi roimhe bíonn deis agat fáil amach faoi na tuairimí atá aige nó aici, na rudaí is fearr leis nó léi agus mar sin de.

Tá sé dodhéanta, nach mór, gan a bheith ag foghlaim. Féach le gan aon rud a fhoghlaim díreach ar feadh uair an chloig. An bhfuil seans ar bith go n-éiroidh leat?

Fiú dá ndéanfaí ullmhúchán roimh an iarracht sin, bheadh ort machnamh a dhéanamh le linn an ullmhúcháin cé na gníomhaíochtaí a mbeadh ort a sheachaint. Dá thoradh sin, bheadh pictiúr níos soiléire agat — ó do thaithí féin — den rud atá i gceist leis an bhfoghlaim. Agus níl slí níos fearr le rud a fhoghlaim ná trí thaithí phearsanta a fháil.

Rud ginearálta is ea an foghlaim, ní leor bheith i do shuí i seomra ranga. Tá níos mó i gceist ná fíricí a shlogadh siar. Cuid den saol is ea an fhoghlaim.

Dá réir sin, tá cur chuige leathan cuimsitheach á chur chun cinn ag an Aontas Eorpach i leith na foghlama. Tá raon leathan modhanna foghlama agus timpeallachtaí foghlama ina measc, mar shampla an fhoghlaim



Cuid den saol is ea an fhoghlaim.



Ag foghlaim faoin dlúthpháirtíocht, ag foghlaim faoin saol.

neamhfhoirmiúil, an fhoghlaim neamhfhoirmeálta agus an fhoghlaim ar feadh an tsaoil.

Is éard atá i gceist leis an **bhfoghlaim neamhfhoirmiúil** foghlaim a dhéantar lasmuigh den timpeallacht fhoirmiúil scoile nó oiliúna. Tarlaíonn an fhoghlaim seo le linn gníomhaíochtaí pleanáilte ina dtugtar cineál éigin tacaíochta foghlama, mar shampla:

- foghlaim struchtúrach ar líne;
- oiliúint inmheánach i gcomhlacht;
- obair dheonach nó páirt a ghlacadh i malartuithe don óige;
- cláir do lucht luathfhágála ina múintear scileanna litearthachta nó scileanna oibre.

Ciallaíonn **foghlaim neamhfhoirmeálta** foghlaim nach n-eagraítear de réir spriocanna, ná ó thaobh ama nó modhanna teagaisc de. Cuimsíonn sé na scileanna a fhoghlaimítear (gan é a bheith beartaithe, uaireanta) trí thaithí saoil agus taithí oibre. Mar shampla:

- scileanna bainistíochta tionscadail nó scileanna teicneolaíochta faisnéise a fuarthas ag an obair;
- scileanna teanga agus idirchultúrtha a fuarthas le linn cónaithe thar lear;
- scileanna sóisialta a fuarthas trí obair dheonach a dhéanamh, trí dhul i mbun gníomhaíochtaí cultúrtha,

spóirt, agus gníomhaíochtaí sa bhaile (aire a thabhairt do leanbh, mar shampla).

Is éard is brí le **foghlaim ar feadh an tsaoil** rudaí nua a fhoghlaim feadh do shaoil, go háirithe tar éis duit an t-oideachas foirmiúil a chríochnú. Ná déan dearmad: níl sé ródhéanach riamh rud a fhoghlaim!

Foghlaim ar feadh an tsaoil do dhaoine atá faoi mhíchumas intleachta

I gcás daoine atá faoi mhíchumas intleachta, ní scileanna nua amháin a bhíonn i gceist le foghlaim ar feadh an tsaoil. Baineann sé le bheith cuimsithe sa tsochaí, in ann iad féin a chur i láthair agus smacht a ghabháil ar a ngnáthshaol. Mar sin féin, tá mórchuid cúrsaí agus ranganna oiliúna ann nach n-oireann do dhaoine atá faoi mhíchumas intleachta. Is minic a bhíonn an t-ábhar teagaisc casta lena oibriú amach agus é deacair an méid atá á rá ag an múinteoir a thuiscint.

*Sin an fáth ar tháinig eagraíochtaí ó roinnt mhaith tíortha san Aontas Eorpach le chéile chun tionscadal **Pathways** a bhunú. Tá cúrsaí oiliúna, leabhráin agus uirlisí ar líne ceaptha ag na rannpháirtithe, ina mínítear an tslí le faisnéis a dhéanamh níos so-aimsithe. Fágfaidh an tionscadal seo, go mbeidh sé níos fusa ar dhaoine atá faoi mhíchumas intleachta a bheith páirteach i bhfoghlaim ar feadh an tsaoil.*

Bíodh do dhoras ar oscailt agat: comhar leis an domhan

Níl an Eoraip iata ar an gcuid eile den domhan — go háirithe ó thaobh an oideachais, na hoiliúna agus beartas óige de.

- Tacaíonn an tAontas Eorpach le comhar ar fud an domhain ar mhaithe le hinstiúidí ardoideachais i dtíortha comhpháirtíochta a fhorbairt agus a nuachóiriú. Is féidir instiúidí comhpháirtíochta a roghnú i dtíortha comharsanacha an Aontais Eorpaigh, sna Balcáin Thiar, sa Rúis agus i réigiúin san Áise, i Meiriceá Laidineach agus san Afraic freisin.
- Tacaíonn an tAontas Eorpach le tionscadail comhair idir eagraíochtaí óige ar fud an domhain. Tá sé d'aidhm ag na tionscadail sin feabhas a chur ar chaighdeán agus aitheantas na hoibre don óige, na hoibre deonaí, na malartuithe don óige agus

gníomhaíochtaí foghlama neamhfhoirmiúla eile i réigiúin éagsúla an domhain.

- Faoi chlár **Jean Monnet** spreagtar teagasc, taighde agus athmhachnamh ar an gcomhtháthú Eorpach ar fud an domhain. Idir 1990 agus 2011, chabhraigh clár Jean Monnet chun tuairim is 3 700 tionscadal a bhunú sa staidéar faoin gcomhtháthú Eorpach, lena n-áirítear 165 Ionad Barr Feabhais Eorpach Jean Monnet, 880 cathaoir ollscoile nó mar sin, agus geall le 2 200 cúrsa buan agus modúl Eorpach. Tá an clár seo i bhfeidhm anois i 72 thír ar fud an domhain.

Eolas ar an Aontas Eorpach a chur chun cinn ar fud an domhain

"Tá Clár Jean Monnet ríthábhachtach. Tá an clár eacnamaíochta ina uirlis anois d'fhonn curaclaim a bhaineann leis an Aontas Eorpach a fhorbairt, agus cuirí a thabhairt do lucht acadúil na hEorpa agus do chleachtóirí na hEorpa, agus an fheasacht atá ag pobal na Cóiré ar an Aontas Eorpach a mhéadú trí ghníomhaíochtaí éagsúla."

An tOllamh Woosik Moon, cathaoir Jean Monnet le hEacnamaíocht an Aontais Eorpaigh ag Ollscoil Náisiúnta Shúl, an Chóiré Theas

Tá ról tacaíochta ag an Aontas Eorpach

Is iad na Ballstáit féin atá freagrach as an gcuraclam a mhúinteas agus an tslí ina n-eagraítear na córais oideachais agus gairmoiliúna ina dtíortha féin. Ní chuireann an tAontas Eorpach isteach ar éagsúlacht na rialacha agus na dtosaíochtaí náisiúnta agus níl sé i dteideal comhchuíbhíú a dhéanamh ar dhlíthe ná ar rialacháin a mBallstát sna réimsí seo (Airteagail 165 agus 166 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh).

Dá réir sin, ní ceadmhach don Aontas Eorpach rialacha a leagan síos i dtaca leis an oideachas, leis an oiliúint ná le beartas óige. Ach ní chiallaíonn sin nach ndéanann an tAontas Eorpach rud ar bith i dtaobh an ábhair sin! A mhalairt glan! Tá ról speisialta ag an Aontas Eorpach i bpróiseas foghlama na hEorpa - ról comhordaitheora, éascaitheora agus comhairleora. Spreagann an tAontas Eorpach comhar idir Ballstáit agus cuireann sé lena gcuid gníomhaíochtaí. Ach, céard a chiallaíonn sin i ndáiríre?

Ciallaíonn sé, mar shampla, go ndéanann an tAontas Eorpach na nithe seo a leanas:

- **tugann sé tacaíocht** do mhic léinn, iarrthóirí PhD, oiliúnaithe, múinteoirí, oiliúnaí, agus léachtóirí chun gur féidir leo dul i mbun staidéir nó teagaisc, nó taithí oibre thar lear. Lena chois sin, tacaíonn sé le daoine óga ar mian leo páirt a ghlacadh i malartuithe don óige nó obair dheonach a dhéanamh thar lear;
- **spreagann sé** na Ballstáit athchóiriú agus nuachóiriú a dhéanamh ar a gcórais oideachais agus oiliúna agus beartais óige a cheapadh sa chaoi is go mbeidh na scileanna acu chun dul i ngleic le dúshláin an lae inniu agus an lae amárach;
- **éascaíonn sé** lánpháirtiú daoine sa mhargadh saothair, go háirithe tríd an ngairmoideachas agus an ghairmoiliúint;
- **cuirtear chun cinn** comhar idir rialtais, ollscoileanna, coláistí agus scoileanna, bunaíochtaí oiliúna, fiontair, páirtithe sóisialta, eagraíochtaí óige agus sochaí sibhialta.

Cad chuige an comhar ar leibhéal an Aontais Eorpaigh?

Cabhraíonn an comhar ar leibhéal an Aontais Eorpaigh le tíortha na hEorpa a gcórais oideachais a fheabhsú. Tugann sé deis do thíortha dul i mbun oibre le chéile agus foghlaim óna chéile trí na cleachtais beartais is fearr a chomhroinnt.

Comhar ar leibhéal an Aontais Eorpaigh: an seimeastar Eorpach

Is é Eoraip 2020 straitéis an Aontais Eorpaigh ar mhaithe le fás eacnamaíoch agus poist. Is é an seimeastar Eorpach bunchloch na straitéise sin. Bunaíodh an seimeastar Eorpach in 2011 mar thimthriall bliantúil de chomhordú agus d'idirphlé ar an mbeartas eacnamaíoch i measc na n-institiúidí Eorpacha, rialtais an Aontais Eorpaigh agus na bparlaimintí náisiúnta. Mar chuid den chleachtas sin, glacann an tAontas Eorpach **moltaí a bhaineann go sonrach le tíortha ar leith** a bhfuil sé d'aidhm acu treoir a thabhairt do na Ballstáit maidir leis an iomaíochas agus cruthú post a chinntiú. De bhrí go bhfuil an t-oideachas agus an oiliúint níos tábhachtaí ná riamh don fhostaíocht agus d'fhorbairt eacnamaíoch, díríonn na moltaí sin cuid mhór — agus tá an bhéim sin ag dul i méid an t-am ar fad — ar shaincheisteanna a bhaineann leis an oideachas agus an oiliúint.

Comhar ar leibhéal an Aontais Eorpaigh: an scórchlár soghluaisteachta

D'fhorbair an tAontas Eorpach an scórchlár soghluaisteachta, i gcomhar leis na Ballstáit. Aithnítear sa scórchlár na cúig phríomhthosca a mbíonn tionchar acu ar inspreagadh agus ar chumas daoine óga dul i mbun staidéir nó oiliúna thar lear. Is cosúil (ó Eanáir 2014 amach) nach ionann an tacaíocht sna Ballstáit ar fad.

- *Is iad an Ghearmáin, an Bheilg, an Spáinn, an Fhrainc agus an Iodáil na tíortha a chuireann an fhaisnéis agus an treoir is cuimsithí ar fáil mar gheall ar dheiseanna soghluaisteachta.*
- *Cuireann an Chipir, Lucsamburg agus an chuid sin den Bheilg ina labhraítear Gearmáinis an bhéim is mó ar fhoghlaim teangacha sna scoileanna. Is minic tionchar aige sin ar chinneadh dul i mbun staidéir, oiliúna nó oibre thar lear.*
- *Díol suntais an tacaíocht airgeadais dea-fhorbartha a chuirtear ar fáil i gcuid Phléimeannach na Beilge, sa Ghearmáin, san Iodáil agus san Ostair do mhic léinn ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste ar mian leo dul i mbun staidéir nó oiliúna thar lear.*

Tá spriocanna uailmhianacha ag an Aontas Eorpach

Is cuid den dul chun cinn an fhoghlaim. agus is amhlaidh i gcás beartais oideachais agus oiliúna. Mar sin, chun dul chun cinn a thomhas, chomhaontaigh an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit **tagarmharcanna seo a leanas atá le baint amach faoin mbliain 2020:**

- níor chóir go ngabhfadh líon na bpáistí in aois 15 bliana déag nach leor a gcumas léitheoireachta, matamaitice agus eolaíochta thar 15 %;
- ba chóir ráta luathfhágála na scoile a laghdú faoi bhun 10 %;

- ba chóir go gcríochnódh 40 % d'aoisigh óga ar a laghad an t-ardoideachas;
- ba chóir go gcaithfeadh 20 % ar a laghad de chéimithe tréimhse staidéir nó oiliúna thar lear.

Cén chaoi a bhfuil an scéal i láthair na huaire? An bhfuil an chosúlacht orainn go mbainfimid amach spriocanna uailmhianacha 2020? De réir shuirbhé PISA 2012, tá idir mhaith agus olc sa scéal.

Cibé olc maith na torthaí in ábhair áirithe, nó i gcás tíortha áirithe, is léir go bhfuil mórchuid le déanamh fós. A fhad is atá na milliúin duine óg san Aontas Eorpach ag streachailt leis an léitheoireacht, an scríbhneoireacht agus an mata, ní féidir linn na maidí a leagan le sruth.



Féachtar chuige san Eastóin (seo a príomhchathair, Taillinn) go mbíonn comhdheiseanna oideachais ann.

Suirbhé PISA 2012

Staidéar domhanda a dhéanann an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) is ea an Clár Idirnáisiúnta um Measúnú Daltaí (PISA). Measúnaíonn PISA an méid den phríomheolas agus de na scileanna sa mhatamaitic, sa léitheoireacht agus san eolaíocht atá sealbhaithe ag daltaí in aois 15 bliana déag. Rinneadh an chéad suirbhé in 2000, agus measúnachtaí eile gach trí bliana ina dhiaidh sin. Bhí gach ceann de na 34 bhall de ECFE agus 31 tír agus geilleagar comhpháirtíochta rannpháirteach in PISA 2012. Seo cuid de na torthaí.

Tá an tAontas Eorpach ag dul i bhfeabhas sa léitheoireacht agus san eolaíocht!

Tá an tAontas Eorpach ag druidim gar don tagarmharc maidir le líon na ndaltaí a bhfuil cumais neamhleora acu a bheith faoi bhun 15 % faoi 2020.

An léitheoireacht:

23.1 % in 2006 → 17.8 % in 2012.

An eolaíocht:

20.3 % in 2006 → 16.6 % in 2012

Táimid ar gcúl sa mhata!

Níor tháinig aon athrú ar an gcéatadán de dhaltai nach gcruthaíonn go maith sa mhata: PISA 2012 (22.1 %) i gcomparáid le PISA 2009 (22.3 %).

Is díol suntais iad tíortha áirithe!

Tá ceithre Bhallstát san Aontas Eorpach (an Eastóin, an Fhionlainn, an Pholainn agus an Ísiltír) i measc na dtíortha is fearr a chruthaíonn sa suirbhé; tá níos lú daltaí ar lagscileanna matamaitice ná an 15 % atá leagtha síos ag an Aontas Eorpach mar thagamharc.

Is í an Eastóin an tír is fearr ó thaobh líon na ndaltaí nach gcruthaíonn go maith sa mhata a bheith íseal: níl acu ach 10.5 % (i gcomparáid le 22.1 % san Aontas Eorpach ar an iomlán).

Tá tíortha eile i bhfad ar gcúl!

Tá Ballstáit áirithe ann ina bhfuil idir a leath agus aon trian den chohórt 15 bliana déag ag an leibhéal PISA is ísle.

An méid a dhéanann an tAontas Eorpach

Tá €14.7 billiún á infheistiú ag an Aontas Eorpach in **Erasmus+**, an clár nua atá ag an Aontas um oideachas, oiliúint, an óige agus spórt sa tréimhse 2014–20.

Féachtar in Erasmus+ le hionchais fostaíochta agus forbairt phearsanta daoine óga a threisiú. Cabhraíonn sé lenár gcórais oideachais, oiliúna agus óige teagasc, foghlaim agus gníomhaíochtaí óige a chur ar fáil a thabharfaidh do dhaoine na scileanna atá uathu i margadh saothair an lae inniu agus a bheidh uathu i margadh saothair an lae amárach, agus sa tsochaí i gcoitinne.

Má tá spéis agat eolas a chur ar an maoiniú a thugann an tAontas Eorpach don oideachas, don oiliúint, don óige agus don spórt, tá eolas fíorthábhachtach ar fáil anseo. Tá eolas níos mionsonraithe fós le fáil sa Treoirleabhar don chlár. Tá an Treoirleabhar sin agus mórchuid eolais eile le fáil ar shuíomh gréasáin Erasmus+ (<http://ec.europa.eu/programmes/erasmus-plus>).

Trí phríomhbheart atá i gceist le Erasmus+

- Príomhbheart 1 — Soghluaisteacht foghlama: tacaíocht chun dul i mbun staidéir, oibre, páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí óige, teagasc nó oiliúna thar lear nó chun scileanna agus inniúlachtaí gairmiúla a fhorbairt thar lear
- Príomhbheart 2 — Comhar agus comhpháirtíocht: deiseanna le haghaidh comhpháirtíochtaí

comhoibritheacha idir eagraíochtaí oideachais, oiliúna agus óige, agus idir saol an oideachais agus saol na hoibre

- Príomhbheart 3 — Athchóiriú beartas: tacaíocht do phróisis mhachnaimh, idirphlé agus bailithe fianaise a bheidh riachtanach chun athchóiriú a dhéanamh ar chórais agus ar bheartais oideachais, oiliúna agus óige.

Príomhbheart 1: Soghluaisteacht foghlama daoine aonair

Sa roinn seo gheofar cur síos ar dheiseanna Erasmus+ do gach cineál foghlaimeora agus baill foirne in eagraíochtaí oideachais, oiliúna agus óige.

An mbaineann tú le haon cheann de na grúpaí thíos?

An mac léinn ardoideachais thú ar mian leat dul i mbun staidéir nó oibre thar lear?

An bhfuil tú ag fáil gairmoideachais nó gairmoiliúna chun cur le do chuid scileanna?

An duine óg thú ar mian leat malartú nó obair dheonach a dhéanamh thar lear?

An múinteoir, fostaí nó oibrí don óige thú, ar mian leat dul i mbun teagasc nó oiliúna thar lear?

Más ea, d'fhéadfadh an t-eolas ar dheiseanna nua sa roinn seo a bheith úsáideach duit.

Teangacha do dhaoine atá ag bogadh thar lear

Dá fheabhas iad do scileanna teanga, is amhlaidh is mó tairbhe a bhainfidh tú as do chuid ama thar lear. Gné thábhachtach d'fhormhór na ngníomhaíochtaí soghluaisteachta is ea teangacha éagsúla a chleachtadh. Más mac léinn ollscoile, oibrí deonach nó ball foirne thú a bheidh thar lear go ceann dhá mhí ar a laghad, nó foghlaimeoir gairmiúil a bheidh thar lear go ceann míosa ar a laghad, tairgeann Erasmus+ deis duit an cur amach atá agat ar an teanga a mbeidh tú ag staidéar, ag obair nó i mbun obair dheonach inti a threisiú.

A luaithe a bheidh d'iarratas soghluaisteachta ceadaithe, iarrfar ort d'inniúlachtaí teanga a sheiceáil agus tairgfear cúrsa teanga duit sula bhfágfaidh tú do thír féin nó le linn duit a bheith thar lear. Beidh ort dul i dteagmháil le d'institiúid nó le d'eagraíocht bhaile chun tuilleadh eolais a fháil faoin deis nua seo faoi chlár Erasmus+. Ní gá ach do scileanna teanga a fheabhsú beagán agus bheith réidh le bogadh!

MIC LÉINN ARDOIDEACHAIS

Tréimhsí staidéir: féadann mic léinn idir 3 agus 12 mhí a chaitheamh i mbun staidéir in ollscoil nó i gcoláiste i dtír eile.

Tréimhsí oiliúna: de rogha air sin, féadann siad tréimhse oiliúna a mhaireann idir 2 agus 12 mhí a dhéanamh in áit oibre thar lear.

Féadann céimithe ardoideachais nua tréimhse oiliúna thar lear a dhéanamh laistigh de bhliain ón gcéim a bhaint. Ach is gá pleanáil roimh ré! Ní mór a bheith roghnaithe ag d'ollscoil nó ag do choláiste le linn bhliain deiridh do chúrsa staidéir.

Lena chois sin, tacaíonn Erasmus+ le mic léinn áirithe san Eoraip dul i mbun staidéir lasmuigh den Aontas Eorpach agus le mic léinn ó thíortha lasmuigh den Aontas Eorpach dul i mbun staidéir san Eoraip.

"Tar éis staidéar a dhéanamh in ollscoil eile bhí mé in ann raon mo réimse staidéir a leathnú amach go mór. Ach ba é an ghné ab fhearr den taithí gur bhuail mé lena lán daoine a bhfuilim cinnte go mbeidh mé ag obair leo amach anseo."

Robert (ón Ríocht Aontaithe) a rinne staidéar ar dhearadh tionsclaíoch ar feadh 10 mí in Ollscoil Teicneolaíochta Delft san Ísiltír.

IASACHTÁI DO MHC LÉINN MÁISTREACHTA

Tacaíonn Erasmus+ le hiasachtaí ar chostas íseal chun cabhrú le mic léinn máistreachta dul i mbun staidéir i dtíortha eile san Eoraip. Féadann mic léinn cur isteach ar iasacht fhabhrach ar mhaithe le céim iomlán mháistir a dhéanamh thar lear agus féadann siad suas le €12 000 a fháil ar iasacht le haghaidh cúrsa bliana nó suas le €18 000 le haghaidh cúrsa dhá bhliain.

COMHCHEIMEANNA MÁISTIR

Tairgeann Erasmus+ deis scoláireachta do mhic léinn máistreachta ar fud an domhain chun staidéar a dhéanamh faoi chomhchláir idirnáisiúnta ardleibhéal, cláir a réachtálann comhpháirtíochtaí ollscoile. Bronnann na hinstiúidí rannpháirteacha uile, nó roinnt díobh, céim ag deireadh an chomhchláir máistreachta. Tá tuilleadh eolais le fáil ón oifig idirnáisiúnta i d'institiúid ardoideachais.

SOGLLUAISTEACHT SA GHAIRMOIDEACHAS AGUS SA GHAIRMOILIÚINT

Cabhraíonn deiseanna soghluaisteachta thar lear le daoine óga faoi ghairmoideachas agus faoi ghairmoiliúint na scileanna a bheidh uathu i margadh fostaíochta iomaíoch an lae inniu a fháil.

Féadfaidh daltaí sinsearach meánscoile i ngairmscoileanna oiliúna, oiliúnaithe agus printísigh tréimhse oiliúna nó printíseacht a dhéanamh thar lear, i gcomhlacht, in áit oibre (m.sh. eagraíocht neamhrialtasach nó eagraíocht phoiblí) nó i ngairmscoil, mar aon le tréimhse foghlama praiticiúla i gcomhlacht. Féadfaidh tréimhsí oiliúna maireachtáil idir coicís agus bliain.



© Fotolia/Ekaterina Pokrovsky

Cuir le do thaithí; déan staidéar thar lear.



Faigh taithí ghairmiúil i dtír a bhfuil cáil ar a saineolas.

Lena chois sin, féadfaidh céimithe nua (iarphrintísigh) bheith rannpháirteach i ngníomhaíocht soghluaisteachta. Ní mór dóibh an tréimhse oiliúna thar lear a dhéanamh laistigh de bhliain ón gcéim a bhaint.

"Is cinnte gur chuidigh an taithí soghluaisteachta a bhí agam le mo ghairmré a chur chun cinn. Ina héagmais, ní bheadh sé de mhuintín agam cur isteach ar an gcomórtas 'Young Chef of the Year', gan trácht ar é a bhuachan. Mholfaínn an taithí sin do dhuine ar bith. Tá an turas a rinne mé chun na Fraince, fós ar cheann de mo chuimhní is fearr."

Deborah (ón Ríocht Aontaithe) a rinne tréimhse oiliúna i Lyon na Fraince.

Más spéis leat iarratas a dhéanamh, ba cheart duit dul chun cainte le d'institiúid ghairmoideachais agus ghairmoiliúna.

SOGLUAISTEACHT DAOINE ÓGA: MALARTUITHE DON ÓIGE AGUS PÁIRT A GHLACADH SA tSEIRBHÍS DHEONACH EORPACH

Cabhraíonn **malartuithe** le daoine óga scileanna ar nós bainistíocht tionscadail agus obair bhuíne a shealbhú. Tugann siad deiseanna do ghrúpaí daoine óga clár struchtúrtha gníomhaíochtaí a dhéanamh lasmuigh den timpeallacht scoile (m.sh. meascán de cheardlanna, cleachtaí, díospóireachtaí agus rólghlacadh) i dtír eile san Aontas Eorpach nó lasmuigh de ar feadh 21 lá ar a mhéad.

Deis iontach is ea an **tSeirbhís Dheonach Eorpach** do dhaoine óga chun scileanna a fhorbairt trí thaithí a fháil ar obair laethúil eagraíochtaí sna réimsí seo

a leanas: cúram sóisialta, an comhshaol, cláir oideachais neamhfhoirmiúla, teicneolaíocht faisnéis agus cumarsáide, an cultúr, agus i mórán réimsí eile. Deis is ea é dóibh, chomh maith, dul i bhféinmhuintín, bheith níos rannpháirtí mar shaoránaigh agus taithí a fháil ar shlí bheatha eile. Féadann gníomhaíocht mar oibrí deonach maireachtáil suas le bliain agus féadann rannpháirtithe obair dheonach a dhéanamh ar an iliomad cúiseanna, laistigh nó lasmuigh den Aontas Eorpach.

Féadann daoine óga idir 13 bliana d'aois agus 30 bliain d'aois leas a bhaint as malartuithe don óige. Freastalaíonn an tSeirbhís Dheonach Eorpach ar dhaoine óga atá idir 17 mbliana d'aois agus 30 bliain d'aois.

"Tar éis bliain amháin a chaitheamh leis an tSeirbhís Dheonach Eorpach, tá níos mó foghlamtha agam ná riamh roimhe sin. Is cinnte go molfainn an tSeirbhís Dheonach do dhuine ar bith a bhfuil meon oscailte aige agus ar mian leis taithí a fháil"

Clara (ón nGearmáin) a bhí rannpháirteach i dtionscadal, ag Ionad Pobail Jozef Swinnen sa Bhruiséil, chun cabhrú le hinimircigh a bhí díreach tar éis teacht chun na Bruiséile.

Más spéis leat iarratas a dhéanamh, ba cheart dul i dteagmháil leis an ngníomhaireacht náisiúnta i do thír féin.

SOGLUAISTEACHT FOIRNE AGUS OIBRITHE DON ÓIGE

Más múinteoir thú nó má tá tú ag obair i bhfiontar, is féidir leat dul i mbun teagaisc in institiúid thar lear, taithí nua ghairmiúil a fháil, do líonraí a fhorbairt agus cabhrú chun córais oideachais agus oiliúna na hEorpa a nuachóiriú agus a idimáisiú.

Féadann múinteoirí, foireann neamhtheagaisc, nó oibrithe don óige dul ar chúrsa oiliúna thar lear, lena n-áirítear cúrsaí struchtúrtha, oiliúint ghairmiúil spriocdhírthe i dteangacha, imeachtaí oiliúna agus scáthfhoghlaim d'fhonn eolas agus smaointe nua a fhorbairt le cur i bhfeidhm ar fhilleadh ar an mbaile dóibh. Féadann na gníomhaíochtaí seo maireachtáil idir 2 lá agus 2 mhí.

Más spéis leat iarratas a dhéanamh, ba cheart duit dul chun cainte leis an institiúid oideachais nó an eagraíocht óige ina bhfuil tú ag obair. Más i bhfiontar atá tú ag obair, beidh ort cuireadh a fháil ón institiúid ardoideachais ina bhfuil sé i gceist agat dul i mbun teagaisc.



© Universität Bonn/Volker Lantermann

Tá malartuithe idir eolaithe óga, mic léinn agus foireann riaracháin ina ndlúthchuid de straitéis idirnáisiúnta Ollscoil Bonn.

"Rinne mé scáthfhoghlaim i mo thréimhse oiliúna ag Cónaidhm na mBodhar sa Chipir d'fhonn eolas a chur ar a ngníomhaíochtaí agus a dtaithí ... A bhfuil leis an taithí sin tá tuiscint níos fearr agam ar chultúr na mbodhar sa Chipir, tá feabhas ar mo scileanna sa teanga chomharthaíochta agus tá tuiscint níos fearr agam ar an bpróiseas foghlama atá le cur i bhfeidhm agus foghlaimoirí bodhra á múineadh."

Christophe (an Fhrainc), teagascóir i dteanga chomharthaíochta, a rinne scáthfhoghlaim sa Chipir.

Príomhbheart 2: tacaíocht don chomhar agus don chomhpháirtíocht

An eagraíocht nó institiúid thú i réimse an oideachais, na hoiliúna nó na hóige, ar mian leat oibriú ar an taobh eile den teorainn le piaraí i d'earnáil féin nó in earnálacha eile, nó i saol na hoibre, d'fhonn do chleachtas féin a nuachóiriú agus a nuáil?

An comhlacht, eagraíocht taighde, údarás réigiúnach, cumann, comhpháirtí socheacnamaíoch nó eagraíocht neamhrialtasach thú ar mian leat dul i gcomhar le heagraíochtaí nó institiúidí i réimse an oideachais, na hoiliúna nó na hóige chun an comhar a neartú, aiseolas a aistriú agus cleachtas nuálacha a chur i bhfeidhm?

Más ea, tá cineálacha tionscadail chomhpháirtíochta éagsúla i gclár Erasmus+ a d'fhéadfadh bheith inspéise duit.

OMHPHÁIRTÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA LAISTIGH AGUS AR FUD RÉIMSÍ AN OIDEACHAIS, NA HOILIÚNA AGUS NA HÓIGE, AGUS LE SAOL NA HOIBRE

I gComhpháirtíochtaí Straitéiseacha féachtar le cleachtas nuálacha oideachais, oiliúna agus óige a fhorbairt, a aistriú agus a chur i bhfeidhm trí chomhar trasteorann idir cineálacha éagsúla eagraíochtaí.

Chun na haidhmeanna sin a bhaint amach, tacaíonn Erasmus+ le heagraíochtaí i réimse an oideachais, na hoiliúna agus na hóige i dtíortha difriúla. Ar na cineálacha gníomhaíochtaí a dtacaítear leo tá:

- comhchláir staidéir, curaclaim nua, modhanna teagaisc nuálacha (chun leas níos fearr a bhaint as teicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide, mar shampla,) ábhair, modhanna agus cleachtas nua teagaisc/oiliúna (le haghaidh teangacha, mar shampla) a fhorbairt;
- líonrú, piarfhoghlaim a thugann deis do mhic léinn agus do bhaill foirne staidéar a dhéanamh ar chásanna ón bhfíorshaol i bhfiontair a fhéachann le haigne fiontraíochta agus smaointeoireacht cruthaitheach a fhorbairt;
- bailíochtú inniúlachtaí a sealbhaíodh ó fhoghlaim neamhfhoirmiúil agus ó fhoghlaim neamhfhoirmeálta ar leibhéal náisiúnta trí thagairt a dhéanamh iontu do chreata de chuid an Aontais Eorpaigh agus trí ionstraimí doiciméadúcháin de chuid an Aontais Eorpaigh a úsáid.

An chaoi le hiarratas a dhéanamh: ní mór d'institiúidí oideachais, eagraíochtaí óige nó ionadaithe eagraíochtaí leasmhara eile dul i dteagmháil leis an ngníomhaireacht náisiúnta ina dtír féin.



© Fotolia/Syda Productions

Leis an ríomhfhoghlaim, is féidir foghlaim ar shlí sholúbtha, ar luas an duine féin.



An bhfuil tú réidh le tabhairt faoi? Tá scileanna fiontraíochta le fáil, leis, ar an leibhéal ollscoile.

COMHGHAILLÍOCHTAÍ EOLAIS: COMHAR IDIR INSTITIÚIDÍ ARDOIDEACHAIS AGUS FIONTAIR

Maoiníonn Erasmus+ comhpháirtíochtaí struchtúrtha idir institiúidí ardoideachais agus fiontair chun iarracht a dhéanamh an bhearna idir saol an ardoideachais agus saol na hoibre a líonadh. Cabhróidh comhghuaillíochtaí eolais chun breis scileanna fiontraíochta a thabhairt do mhic léinn agus do bhaill foirne, agus eagraíochtaí níos fiontraíche a dhéanamh d'institiúidí ardoideachais agus de chomhlachtaí.

Féadfaidh comhghuaillíochtaí eolais tacú le gníomhaíochtaí a fhéachann:

- le modhanna nua foghlama agus teagaisc a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm (amhail curaclaim nua ildisciplíneacha, teagasc agus foghlaim bunaithe ar an bhfoghlaiméoir agus bunaithe ar fhíorfhadhbanna);
- le struchtúir a chruthú le haghaidh scileanna traschuraclaim a fhoghlaim agus an chaoi lena gcur i bhfeidhm ar fud cláir ardoideachais. Ba chóir iad sin a fhorbairt i gcomhar le fiontair, rud a neartódh infhostaitheacht, cruthaitheacht agus conairí nua gairmiúla;
- a thabharfadh isteach oideachas fiontraíochta chomh maith le cur chuige fiontraíoch sa phróiseas teagaisc agus foghlama i ngach disciplín; le go mbeidh an t-eolas, na scileanna agus an t-inspreagadh is gá ar fáil do mhic léinn, do thaighdeoirí, do bhaill foirne agus d'oideoirí chun dul i mbun gníomhaíochtaí fiontraíochta.

Ní mór sé eagraíocht ar a laghad a bheith i gceist i gcomhghuaillíochtaí eolais, as trí cinn de na tíortha atá páirteach sa chlár ar a laghad (agus dhá fhiontar agus dhá chomhpháirtí acadúil ar a laghad a bheith san áireamh ann).

COMHGHAILLÍOCHTAÍ SCILEANNA EARNÁLA: COMHAR IDIR SOLÁTHRAITHE GAIRMOIDEACHAIS AGUS GAIRMOILIÚNA AGUS SAOL NA HOIBRE

Bíonn lucht gnó agus tionsclaíochta ag smaoineamh i dtéarmaí slabhraí soláthair trasnáisiúnta seachas cinn náisiúnta. Déanann Comhghuaillíochtaí Scileanna Earnála na curaclaim a chur in oiriúint don réadúlacht sin agus cuidíonn siad le daoine óga atá faoi ghairmoideachas agus faoi ghairmoiliúint ullmhú do mhargadh saothair na hEorpa. Tá sé d'aidhm ag Comhghuaillíochtaí scileanna earnála na scileanna is gá dá ngairmeacha sonracha a thabhairt dóibh:

- trí dhírú ar bhearnaí scileanna trí chur le cumas na gcóras gairmoideachais tosaigh agus leanúnaigh freagairt do riachtanais an mhargaidh saothair a bhaineann le hearnálacha sonracha;
- trí chláir ghairmoiliúna trasnáisiúnta agus modheolaíochtaí teagaisc agus oiliúna a cheapadh agus a chur ar fáil;
- trí fhoghlaim obairbhunaithe agus printíseachtaí a chruthú (i scoileanna nó i gcuideachtaí) le go mbeadh an t-aistriú ón oideachas go dtí an obair níos éasca.

Ní mór naoi gcinn d'eagraíochtaí difriúla ar a laghad ó thrí cinn ar a laghad de na tíortha atá páirteach sa chlár, lena n-áirítear dhá Bhallstát, a bheith san áireamh i gcomhghuaillíochtaí scileanna earnála.

FORBAIRT ACMHAINNE SAN ARDOIDEACHAS: COMHAR LE HINSTITIÚIDÍ ARDOIDEACHAIS I DTÍORTHA COMHPHÁIRTÍOCHTA

Tacaíonn Erasmus+ le tionscadail comhair le hinstitiúidí ardoideachais ar fud an domhain, a fhéachann le hinstitiúidí ardoideachais i dtíortha comhpháirtíochta a fhorbairt agus a nuachóiriú. Is féidir institiúidí comhpháirtíochta a roghnú i dtíortha comharsanacha an Aontais Eorpaigh, sna Balcáin Thiar, sa Rúis agus i réigiúin san Áise, i Meiriceá Laidineach agus i dtíortha san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin.

D'fhéadfadh tionscadail de na cineálacha seo a leanas a bheith i gceist amach anseo:

- comhthionscadail trína gcruthófar curaclaim agus céimeanna nua, modheolaíochtaí foghlama agus teagaisc, forbairt foirne, dearbhú cáilíochta, struchtúir agus próisis nua rialachais agus bainistíochta;
- tionscadail chun athchóiriú struchtúrach a dhéanamh ar leibhéal náisiúnta i dteannta le tacaíocht ó údaráis i dtíortha comhpháirtíochta (m.sh. nuachóiriú beartais, rialachas agus bainistiú na gcóras ardoideachais).

FORBAIRT ACMHAINNE I RÉIMSE NA HÓIGE: COMHAR LE HEAGRAÍOCHTAÍ ÓIGE I DTÍORTHA COMHPHÁIRTÍOCHTA

Tacaíonn Erasmus+ le tionscadail comhair idir eagraíochtaí atá gníomhach i réimse na hóige ar fud an domhain. Is é aidhm na dtionscadal sin cur le caighdeán na hoibre don óige, na foghlama neamhfhoirmiúla agus na hoibre deonai i réigiúin éagsúla ar fud an domhain agus aitheantas níos fearr a bhaint amach dóibh — go háirithe i dtíortha atá i mbéal forbartha.

Seo samplaí de na gníomhaíochtaí sin:

- comhar, líonrú agus piarfhoghlaim i measc eagraíochtaí óige;
- oibriú i dteannta a chéile chun feasacht ar obair dheonach agus ar fhoghlaim neamhfhoirmiúil i dtíortha comhpháirtíochta a mhéadú, agus aitheantas a bhaint amach dóibh;
- dea-chleachtais agus uirlisí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun forbairt ghairmiúil a chur ar oibríthe agus oiliúnoirí don óige;
- malartuithe don óige, obair dheonach thar lear agus soghluaisteacht oibríthe don óige.

UIRLISÍ AR LÍNE DO MHÚINTEOIRÍ SCOILE AGUS DON OIDEACHAS AOSACH

Tacaíonn agus athneartaíonn an suíomh gréasáin **eTwinning** an comhar idir scoileanna trí thacaíocht, uirlisí úsáideacha agus áit chun dul i mbun oibre le chéile ar líne a chur ar fáil dóibh. Is féidir eTwinning a úsáid mar thacaíocht i dtionscadail soghluaisteachta, comhpháirtíochtaí straitéiseacha, nó chun dul i mbun oibre le chéile ar líne.

Lena chois sin, cuidíonn eTwinning le forbairt ghairmiúil múinteoirí agus foirne trí ábhair foghlama ar líne agus deiseanna líonraithe a thairiscint ar fud na hEorpa.

Ceadaítear do gach scoil agus réamhscoil sna tíortha sin atá páirteach sa chlár úsáid a bhaint as eTwinning uair ar bith ach clárú ar an tairseach: <http://www.etwinning.net>.

Is éard atá in **EPALE** (Clár Leictreonach don Oideachas Aosach san Eoraip) spás ar líne inar féidir le lucht déanta beartais, lucht oideachais, páirtithe leasmhara agus aon duine eile atá bainteach le soláthar oideachais aosaigh, eolas agus smaointe a mhalartú nó modhanna dea-chleachtais san oideachas aosach a thaispeáint agus a scaipeadh. Cruthaíonn sé pobail de bhaill foirne san oideachas aosach ar fud an Aontais Eorpaigh. Beidh an clár sin ar fáil faoi dheireadh 2014.

Príomhbheart 3: tacaíocht d'athchóiriú beartais

Tacaíonn Erasmus+ le gníomhaíochtaí a bhfuil sé d'aidhm acu spriocanna na straitéise Eoraip 2020, an chreata straitéisigh "Oideachas agus Oiliúint" agus straitéisí eile d'earnálacha sonracha amhail próiseas Bologna a bhaint amach. Baineann na gníomhaíochtaí sin le bailiú fianaise, staidéir agus anailísí ar théamaí nó ar thíortha áirithe, tionscadail chomhair idir údaráis phoiblí nó móreagraíochtaí, agus comhairliúcháin idir rialtais agus eagraíochtaí do na saoránaigh. Lena chois sin, spreagann siad cruinnithe idir daoine óga agus lucht déanta cinntí i gcomhthéacs an idirphlé struchtúrtha le daoine óga.

Tá na gníomhaíochtaí ceaptha cur le caighdeán agus éifeachtúlacht an oideachais, na gcóras oiliúna agus na mbeartas óige, an tiomantas d'athchóiriú beartais, ardú feasachta, foghlaim fhrithphárteach agus comhar trasnáisiúnta a chur chun cinn, eolas a fhorbairt, agus rannpháirtíocht ghníomhach daoine óga sa daonlathas a spreagadh.

Amach romhainn

Bainfidh 4 mhilliún duine agus 125 000 institiúid tairbhe as an gclár Erasmus+ idir 2014 agus 2020.

Príomhfhigiúirí: Erasmus+ (2014–20)

Buiséad iomlán	€14.7 billiún Cuirfear airgead breise i leataobh chun gníomhaíochtaí le tríú tíortha (tíortha comhpháirtíochta) a mhaoiniú.
Deiseanna soghluaisteachta	Níos mó ná 4-mhilliún duine
Ardoideachas	Thart ar 2-mhilliún mac léinn
Mic léinn gairmoideachais agus gairmoiliúna	Thart ar 650 000 mac léinn agus printiseach
Soghluaisteacht foirne	Thart ar 800 000 léachtóir, múinteoir, oiliúnóir, ball foirne oideachais agus oibrí don óige
Scéimeanna malartaithe d'oibríthe deonacha agus do dhaoine óga	Breis agus 500 000 duine óg
Scéim ráthaíochta iasachta do Mháistreachta	Thart ar 200 000 mac léinn
Comhchéimeanna máistir	Breis agus 25 000 mac léinn
Comhpháirtíochtaí straitéiseacha	Thart ar 25 000 comhpháirtíocht straitéiseach a nascann le chéile 125 000 scoil, institiúid ghairmoideachais agus ghairmoiliúna, institiúid ardoideachais agus oideachais aosach, eagraíocht óige agus fiontar
Comhghuaillíocht eolais	Breis agus 150 comhghuaillíocht eolais arna mbunú ag 1 500 institiúid ardoideachais agus fiontar
Comhghuaillíochtaí scileanna earnála	Breis agus 150 comhghuaillíocht scileanna earnála arna mbunú ag 2 000 soláthróir gairmoideachais agus gairmoiliúna agus fiontar

Tuilleadh eolais

- ▶ **Eolas ginearálta ar oideachas agus oiliúint ar an leibhéal Eorpach:** <http://ec.europa.eu/education>
- ▶ **Eolas ginearálta ar oideachas agus oiliúint ar an leibhéal Eorpach:** <http://ec.europa.eu/youth>
- ▶ **Erasmus+:** <http://ec.europa.eu/programmes/erasmus-plus>
- ▶ **Gníomhaireacht feidhmiúcháin:** <http://eacea.ec.europa.eu>
- ▶ **Gníomhaireachtaí náisiúnta:** http://ec.europa.eu/programmes/erasmus-plus/tools/national-agencies/index_ga.htm
- ▶ **Cúinne na Múinteoirí:** <http://europa.eu/teachers-corner>
Soláthraíonn Cúinne na Múinteoirí ábhar oideachasúil mar gheall ar an Aontas Eorpach i 23 theanga. Gheofar ann gach cineál ábhair (suíomhanna gréasáin, leabhráin, cluichí ar líne, físeáin, srl.) agus iad ceaptha do dhaltáí bunskoile agus iar-bhunscoile. Gheobhaidh múinteoirí neart inspioráide anseo, is cuma céard atá á mhúineadh acu do dhaltáí — stair an Aontais Eorpaigh, an tslí ina n-oibríonn sé, an méid a dhéanann sé — nó más mian leo beartais an Aontais Eorpaigh a phlé ar shlí níos mionchruinne. Cuirtear gach acmhainn teagaisc ar fáil saor in aisce.
- ▶ **Táirseach Eorpach na hÓige:** <http://europa.eu/youth>
Ar Tháirseach Eorpach na hÓige tugtar eolas faoi dheiseanna do dhaoine óga ar fud na hEorpa.
- ▶ **An bhfuil ceisteanna agat maidir leis an Aontas Eorpach? Europe Direct - seirbhís eolais an Aontais Eorpaigh:** 00 800 6 7 8 9 10 11
<http://europedirect.europa.eu>

